2024/1296

7.5.2024

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/1296 ÓN gCOIMISIÚN

## an 28 Feabhra 2024

## lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1139 i dtaca le díolúine ó chur i bhfeidhm na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír a mhéid a bhaineann le bradáin i Muir Bhailt le haghaidh na tréimhse 2024–2026

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na stoic trosc, scadán agus salán i Muir Bhailt agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1098/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(1)(a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2016/1139 bunaítear plean ilbhliantúil do na stoic a ndéantar iascaireacht orthu i Muir Bhailt agus sonraítear mionsonraí na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír i dtaca leis na stoic sin, lena n-áirítear an stoc bradán. Le hAirteagal 7(1)(a) den Rialachán sin, cumhachtaítear an Coimisiún, ar bhonn moltaí comhpháirteacha arna bhforbairt ag na Ballstáit, le gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán sin a fhorlíonadh trí dhíolúintí ó chur i bhfeidhm na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír a dheonú maidir le speicis a léiríonn fianaise eolaíoch rátaí arda marthanais ina leith le haghaidh stoic uile na speiceas i Muir Bhailt a bhfuil feidhm ag an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír maidir leo faoi Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1417 ón gCoimisiún ([3]) sonraítear mionsonraí maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír i gcás iascach bradán i Muir Bhailt le haghaidh na tréimhse 2021–2023. Glacadh an rialachán tarmligthe sin bunaithe ar mholadh comhpháirteach a chuir an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an Fhionlainn agus an tSualainn (Ballstáit Mhuir Bhailt, dá ngairtear 'BALTFISH' anseo feasta) isteach, a bhfuil leas díreach bainistíochta iascaigh acu i Muir Bhailt.

(3) An 28 Deireadh Fómhair 2022, tar éis dó dul i gcomhairle le Comhairle Chomhairleach Mhuir Bhailt, chuir BALTFISH moladh comhpháirteach tosaigh faoi bhráid an Choimisiúin. Fuarthas rannchuidiú eolaíoch ó na comhlachtaí eolaíocha ábhartha.

(4) Rinne an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF) measúnú ar an moladh comhpháirteach tosaigh le linn an tSeisiúin Iomlánaigh an 14-18 Samhain 2022 ([4]) agus tháinig sé ar an gconclúid gur chuir roinnt sonraí agus lochtanna a bhí in easnamh cosc ar STECF teacht ar chonclúidí críochnaitheacha.

(5) Chuir BALTFISH faisnéis eolaíoch bhreise isteach an 28 Feabhra 2023 agus moladh comhpháirteach arna thabhairt cothrom le dáta an 22 Meitheamh 2023.

([1]) IO L 191, 15.7.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle, (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1417 ón gCoimisiún an 22 Meitheamh 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1139 i dtaca le sonraíochtaí na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír a mhéid a bhaineann leis an mbradán i Muir Bhailt le haghaidh na tréimhse 2021–2023, (IO L 305, 31.8.2021, lch. 3).

([4]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/43440856/STECF+PLEN+22-03.pdf/d0acb3d4-6b6a-4067-9d08-0b6004660e25

(6) Iarrtar sa mholadh comhpháirteach arna thabhairt cothrom le dáta gur cheart leanúint den díolúine ón oibleagáid gabhálacha bradán a thabhairt i dtír i gcás eangacha gaiste, lena n-áirítear gaistí pontúin a bhfuil mála gan snaidhm ceangailte orthu ('Vittjanpåse') agus gaistí pontúin a nasctar le stóráil uisce sa soitheach iascaireachta inar féidir na bradáin a chur agus faidhclíonta. Mar sin féin, níor cheart eangacha gaibhnithe a dhíolmhú a thuilleadh. Moltar sa mholadh comhpháirteach freisin leanúint d'aischur bradán a theorannú go 8 % de na gabhálacha bliantúla iomlána bradán ag an mBallstát lena mbaineann i bhforanna 22–31 ICES agus foroinn 32 ICES faoi seach.

(7) Rinne STECF measúnú ar an bhfianaise bhreise ag an Seisiún Iomlánach an 20-24 Márta 2023 ([5]) agus ar an moladh comhpháirteach arna thabhairt cothrom le dáta ag an Seisiún Iomlánach an 10–14 Iúil 2023 ([6]). Tháinig STECF ar an gconclúid gurb é 24 % atá sa ráta básmhaireachta arna scaoileadh ó ghaistí pontúin atá cumaiscthe le stóráil uisce agus 13 % ó ghaistí pontúin a bhfuil mála gan snaidhm ceangailte orthu ([7]). I gcás bradáin arna ngabháil le heangacha gaiste eile agus le faidhclíonta, tháinig STECF ar an gconclúid i dtuarascálacha roimhe seo go raibh an ráta básmhaireachta níos lú ná 10 % ([8]). Mar sin féin, thug STECF faoi deara freisin gur áiríodh sa mholadh comhpháirteach arna thabhairt cothrom le dáta aischur féintuairiscithe (logleabhar) mar an fhianaise is fearr atá ar fáil. Tháinig STECF ar an gconclúid, fiú amháin má fhágtar go bhféadfadh gannmheastachán a bheith san ábhar muirí aischurtha a tuairiscíodh, gur dócha fós go bhfuil éifeacht íseal ag an díolúine ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír i dtéarmaí mortlaíochta, mar a breathnaíodh ar an gcaoi chéanna le hiascaigh ghaiste eile ina mbíonn an inmharthanacht ard agus ina mbíonn na rátaí aischuir íseal de ghnáth, cé gur cuimsíodh sa mholadh comhpháirteach ábhar muirí aischurtha féintuairiscithe (logleabhar) mar an fhianaise is fearr atá ar fáil.

(8) Chuir an Grúpa Saineolaithe um Iascach agus Dobharshaothrú a thuairim maidir le dréachtghníomh tarmligthe in iúl an 15 Samhain 2023 ag cruinniú a raibh Parlaimint na hEorpa i láthair ann mar bhreathnóir. Chuathas i gcomhairle leis an nGrúpa Saineolaithe maidir le dréacht athbhreithnithe trí nós imeachta i scríbhinn an 16 Eanáir 2024.

(9) Ar na cúiseanna sin, measann an Coimisiún gur cheart an díolúine a iarradh a dheonú ón 8 Bealtaine 2024 go dtí an 31 Nollaig 2026.

(10) Na bearta sna moltaí comhpháirteacha arna dtabhairt cothrom le dáta, tá siad i gcomhréir le hAirteagal 15(4)(b) agus Airteagal 18(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus le hAirteagal 7(1)(a) de Rialachán (AE) 2016/1139.

(11) Ós rud é go bhfuil tionchar díreach ag na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo ar phleanáil an tséasúir iascaireachta le haghaidh shoithí an Aontais agus ar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann leo, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm a luaithe is féidir.

(12) Ós rud é gur san earrach agus sa samhradh a bhíonn séasúr an bhradáin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 8 Bealtaine 2024,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar agus raon feidhme**

Déantar foráil leis an Rialachán seo maidir le díolúine ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a mhéid a bhaineann le bradáin (*Salmo salar*) arna ngabháil i Muir Bhailt.

([5]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/55639782/STECF+PLEN+23-01.pdf/bb78d95d-735e-429c-b639-5d2b1a060600
([6]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/67497497/STECF+PLEN+23-02.pdf/94846c76-e677-408e-b23c-ec0d572a9bca
([7]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/67497497/STECF+PLEN+23-02.pdf/94846c76-e677-408e-b23c-ec0d572a9bca
([8]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/812327/STECF+PLEN+14-02.pdf/e29cf181-8d63-40ef-8050-6d980b12528f

*Airteagal 2*

**Sainmhíniú**

Chun críocha an Rialacháin seo, ciallaíonn 'Muir Bhailt' ranna IIIb, IIIc agus IIId ICES.

*Airteagal 3*

**Díolúine ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír i gcás bradáin a bhfuil rátaí arda marthanais acu**

1. An oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír dá bhforáiltear in Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ní bheidh feidhm aici maidir le bradáin arna ngabháil i Muir Bhailt le ceann de na gairis seo a leanas:

(a) gach eangach ghaiste; cé is moite de na catagóirí seo a leanas:

(i) eangacha gabhainn;

(ii) gaistí pontúin ach amháin:

— más gaistí pontúin iad a bhfuil mála gan snaidhm ceangailte orthu trína gcuirtear bradáin gan iad a ardú os cionn dhromchla an uisce, nó

— más gaistí pontúin iad a nasctar le stóráil uisce sa soitheach iascaireachta ina gcuirtear bradáin go díreach; líonfar an stóráil uisce le huisce agus beidh sí sách mór chun na bradáin go léir a thiocfaidh ón ngaiste a choinneáil agus a choimeád tumtha faoin uisce;

(b) faidhclíonta.

2. Beidh feidhm ag an díolúine dá bhforáiltear i mír 1, i gcás gach Ballstáit lena mbaineann, maidir le 8 % ar a mhéad de na gabhálacha bliantúla iomlána bradán i bhforanna 22-31 ICES agus foroinn 32 ICES faoi seach.

3. Nuair a aischuirfear bradáin arna ngabháil le heangacha gaiste agus le faidhclíonta, scaoilfear na bradáin ar ais san fharraige láithreach bonn.

*Airteagal 4*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 8 Bealtaine 2024 go dtí an 31 Nollaig 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Feabhra 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN